Gach Rud Fúm Féin

Amharc ar shamplaí de chur i láthair le feiceáil an bhfuil siad deartha go maith, mar shampla an gcuirtear na pictiúir agus an téacs i láthair go maith, an bhfuil go leor, nó barraíocht, eolais ar gach sleamhnán srl. Déan é a phlé leis an chuid eile den rang.

Anois, cruthaigh cur i láthair fút féin.

Bain úsáid as meabhairmhapa le gnéithe éagsúla díot féin a thaifeadadh. Pleanáil cad é a chuirfidh tú ar gach sleamhnán. Déan machnamh ar an dóigh a léireoidh tú d'fhéiniúlacht. Is féidir leat úsáid a bhaint as líníochtaí scanta, grianghraif dhigiteacha nó íomhánna digiteacha a d'aimsigh tú nó a chruthaigh tú.



Smaoinigh ar an leagan amach, ar an téacs, ar an fhuaim agus ar íomhánna gluaiste nó neamhghluaiste agus na sleamhnáin á gcruthú agat. Roghnaigh stíleanna agus éifeachtaí cuí.

Cuir do chur i láthair ar siúl agus déan cinneadh cé acu an bhfuil ord na sleamhnán i gceart nó nach bhfuil agus an féidir é a fheabhsú, mar shampla trí thrasdulta a chur idir sleamhnáin.

Cuir do chuid oibre in eagar agus sábháil í.

Taispeáin do chur i láthair don rang.

Iarr barúlacha do chairde ar do chuid oibre.